Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

12840/23

Comhad Idirinstitiúideach:
2019/0272(COD)

CODEC 1573
PECHE 344
PE 103

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | **GLACADH NA nGNÍOMHARTHA REACHTACHA TAR ÉIS AN DARA LÉAMH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA**<br>Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil do thuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1936/2001, Rialachán (AE) 2017/2107 agus Rialachán (AE) 2019/833 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/1627<br>- An toradh ar an dara léamh ó Pharlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 11 go dtí an 14 Meán Fómhair 2023) |

## I. VÓTÁIL

An 12 Meán Fómhair 2023, dhearbhaigh Uachtarán Pharlaimint na hEorpa go raibh an seasamh ón gComhairle[1] ar an gcéad léamh formheasta gan leasú.

Tá téacs an rúin reachtaigh ó Pharlaimint na hEorpa i gceangal leis an nóta seo.

[1] 8143/1/23 REV 1.

## II. GLACADH NA nGNÍOMHARTHA REACHTACHA TAR ÉIS AN DARA LÉAMH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

Ós rud é gur fhormheas Parlaimint na hEorpa an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh gan leasú, measfar gur glacadh an gníomh atá i gceist san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, mar a fhoráiltear don mhéid sin in Airteagal 294(7)(a) CFAE.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán na Comhairle agus Ardrúnaithe an dá institiúid, foilseofar an gníomh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

## P9_TA(2023)0297

# Plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Meán Fómhair 2023 ar sheasamh na Comhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (AE) 2017/2107, agus (AE) 2019/833, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/1627 (08143/1/2023 – C9-0222/2023 – 2019/0272(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an dara léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (08143/1/2023 – C9-0222/2023),

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 7 Bealtaine 2020[2],

– ag féachaint dá seasamh ar an gcéad léamh[3] ar an togra ón gCoimisiún chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle (COM(2019)0619),

– ag féachaint d'Airteagal 294(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do Riail 67 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh don dara léamh ón gCoiste um Iascach (A9-0243/2023),

1. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh;

2. á thabhairt dá haire go nglactar an gníomh i gcomhréir le seasamh na Comhairle;

3. á threorú dá hUachtarán an gníomh a shíniú le hUachtarán na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 297(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

4. á threorú dá hArd-Rúnaí an gníomh a shíniú, ach a mbeidh sé fíoraithe go bhfuil na nósanna imeachta go léir curtha i gcrích go cuí, agus, i gcomhaontú le hArd-Rúnaí na Comhairle,

[2] IO C 232, 14.7.2020, lch. 36.
[3] IO C 506, 15.12.2021, lch. 160.

socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.